

"Lig dóibh fás suas anseo"

Asma, Duigu, Ibrahim, Ichem, Li, Lovepreet, Mamadou, Miloj, Olga, Peina, Rajneet, Rashida, Tamba, Vlad, Yasmine, Yi...

- Sinne leanaí na n-imirceach gan cháipéisí.
- Sinne leanaí na n-imirceach gan cháipéisí.
- Sinne leanaí na n-imirceach gan cháipéisí.
- Is é is imirceach gan cháipéisí ann duine nach bhfuil cárta cónaithe aige, fiú agus cónaí air sa Fhrainc le tamall fada.
- Dála mórán daoine in bhur measc, is ó thír eile a tháinig ár dtuismitheoirí, agus theith siad ón bhforéigean agus ón mbochtaineacht. Tháinig siad chun obair a fháil agus chun saol níos fearr a thabhairt dúinn.
- Rugadh cuid againn anseo, le cáipéisí nó ina n-éagmais, agus is í an Fhrainc ár dtír.
- Tá cónaí orainn in óstáin, in árasáin agus i seomraí ina bhfuilimid brúite le chéile.
- Bíonn eagla orainn gach lá.
- Bíonn eagla orainn gach lá.
- Bíonn eagla orainn go ngabhfaidh na póilíní ár dtuismitheoirí nuair a théann siad chun na hoibre agus nuair a théann siad ar an meitreo.
- Bíonn eagla orainn go gcuirfear i bpríosún iad.
- Go ndeighlfear ár dteaghlach nó go gcuirfear ar ais sinn chuig tír nach bhfuil eolas againn air.
- Bímid ag smaoineamh i gcónaí air sin, agus sinn ar scoil freisin. An gnáthrud é eagla a bheith ar dhuine agus é ar scoil?
- An gnáthrud é eagla a bheith ar dhuine agus é ar scoil?
- Ba é ár ndóchas agus dóchas ár dtuismitheoirí an samhradh seo caite na cáipéisí a bheith againn ar deireadh.
- Rinneamar na hiarratais. Chaitheamar an oíche ar fad sa scuaine os comhair na gceannáras.
- Shíníomar foirmeacha in oifigí, cheapamar go mbeadh gach rud in ord dúinn, go mbeadh deireadh leis an tromluí.
- Chomhlíonamar na critéir go léir.
- Ach tugadh an t-eiteachas dúinn.
- Tháingamar agus gan dada á cheilt againn, lenár n-ainm agus ár seoladh. Chuir na daoine a fuair na cáipéisí na hiarratais chéanna isteach agus a chuir sinne. Mar sin féin, tugadh an t-eiteachas dúinn. Gan aon chúis cheart.
- Agus tugadh an t-eiteachas dúinn mar sin féin. Gan aon chúis cheart leis.
- Anois, táimid i mbaol agus ní mór dúinn dul i bhfolach. Cad is cúis leis an éagóir seo?
- Ní theastaíonn uainn a thuilleadh maireachtáil faoi eagla. Is mian linn go nglacfaidh an Fhrainc linn. Is mian linn gach rud a bheith in ord againn. Lig dúinn fás suas anseo.
- Lig dúinn fás suas anseo.
- Lig dúinn fás suas anseo.

Grúpa den lucht déanta scannán le haghaidh "imirceach gan cháipéisí".

Gairmithe scannánaíochta agus closamhairc ag tacú le Réseau Education Sans Frontières (Líonra an Oideachais gan Teorainneacha) agus le "himircigh gan cháipéisí" na Fraince.